Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11184/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0524 (COD)**

**CLIMA 243**
**ENV 649**
**ENER 342**
**COMPET 678**
**IND 245**
**MI 500**
**CODEC 957**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 524 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1119 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach. |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 524 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 524 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.7.2025
COM(2025) 524 final

2025/0524 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1119 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach.**

{SWD(2025) 524 final}

**MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

# 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

## • Forais agus cuspóirí an togra

Mar a dearbhaíodh sa Chompás Iomaíochais[1], tá creat uaillmhianach leagtha amach ag an Eoraip chun bheith ina geilleagar dícharbónaithe faoi 2050. Leanfaidh an Eoraip ar aghaidh ar an mbóthar ceart,leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, arb é is aidhm dó an tAontas a dhaingniú mar shuíomh tarraingteach don mhonaraíocht, lena n-áirítear do thionscail atá dian ar fhuinneamh, agus an teicneolaíocht ghlan agus samhlacha gnó ciorclacha nua á gcur chun cinn, chun na cuspóirí dícharbónaithe comhaontaithe a bhaint amach an tráth céanna. Le cur chun feidhme na mbeartas sin, neartófar neamhspleáchas fuinnimh an Aontais ar bhreoslaí iontaise allmhairithe freisin. Mar a cuireadh i dtábhacht i dTuarascáil Draghi maidir le Todhchaí iomaíochas an Aontais[2], ní hamháin go bhfuil an dícharbónú ríthábhachtach don phláinéad, ach tá sé ina phríomhspreagadh don fhás eacnamaíoch freisin nuair a chomhtháthaítear é le beartais thionsclaíocha, iomaíochta agus trádála.

Tá a spriocanna aeráide do 2030 agus 2050 leagtha síos ag an Aontas i Rialachán (AE) 2021/1119 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach (an Dlí Aeráide Eorpach).

Ceanglaítear le hAirteagal 4(3) den Dlí Aeráide Eorpach sprioc aeráide idirmheánach do 2040 a leagan síos chun dul ar ceann riain maidir le laghduithe uile-Aontais ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa. Trí sprioc 2040 a leagan síos, tabharfar intuarthacht d’infheisteoirí agus do ghnólachtaí an Aontais mar aon le léiriú soiléir ar an gconair aistrithe is gá, chun cinntí gnó agus infheistíocht phríobháideach a spreagadh.

An 6 Feabhra 2024, d’fhoilsigh an Coimisiún Teachtaireacht maidir le sprioc aeráide an Aontais le haghaidh 2040[3], lena leagtar síos conair ó sprioc idirmheánach 2030 a comhaontaíodh cheana go haeráidneodracht faoi 2050. Agus an chomhairle eolaíoch ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide á cur san áireamh agus bunaithe ar mheasúnú tionchair mionsonraithe agus tuarascáil ar an mbuiséad carbóin[4], cuireadh i láthair sa Teachtaireacht laghdú 90 % ar ghlanastaíochtaí GCT i gcomparáid le leibhéil 1990 mar an sprioc a mholtar le haghaidh 2040.

Le sprioc 90 %, cuirtear an tAontas ar an gconair lena soláthraítear na tairbhí foriomlána is mó maidir le hiomaíochas, athléimneacht, neamhspleáchas, uathriail, aistriú cóir agus lena n-áirithítear go gcomhlíonfaidh an tAontas a ghealltanais faoi Chomhaontú Pháras.

Aithníonn an tAontas gur bagairt eiseach é an t-athrú aeráide a bhfuil dlúthbhaint aige leis an tslándáil dhomhanda, leis an tsíocháin agus leis an bhforbairt inbhuanaithe. Le sprioc 2040, leanann an tAontas de bheith ag gníomhú ar son na haeráide agus, ag an am céanna, leanann sé de dhul i dteagmháil le tíortha comhpháirtíochta ó thaobh taidhleoireachta de chun astaíochtaí domhanda a laghdú agus aeráidneodracht a bhaint amach.

1 COM(2025) 30 final.
2 Tuarascáil Draghi maidir le hiomaíochas an Aontais.
3 COM(2024) 63 final.
4 SWD(2024) 63 final.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá clár oibre uaillmhianach dícharbónaithe á shaothrú ag an Aontas. Leis an bpacáiste reachtaíochta 'Oiriúnach do 55', cuirtear an tAontas ar chonair chun a spriocanna aeráide a bhaint amach ar bhealach cothrom, costéifeachtach agus iomaíoch. Is réamhchoinníoll é cur chun feidhme iomlán an chreata reachtaigh atá i bhfeidhm chun spriocanna aeráide agus fuinnimh 2030 a bhaint amach ionas go leanfaidh an tAontas de sprioc 2040 a bhaint amach agus é ar an mbealach i dtreo na haeráidneodrachta in 2050.

Léirítear sa mheasúnú tionchair[5] a ghabhann leis an teachtaireacht maidir le sprioc aeráide 2040 go mbeadh sé intuigthe as sprioc aeráide 2040 a bhaint amach go ndéanfadh gach earnáil iarrachtaí chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, agus go ndéanfaí feabhsuithe ar aistrithe, ar gá iad a chumasú le beartais éagsúla. Tá gá le gach réiteach fuinnimh nialasaigh agus ísealcharbóin (lena n-áirítear foinsí in-athnuaite fuinnimh, fuinneamh núicléach, éifeachtúlacht fuinnimh, stóráil, GSC, GÚC, aistrithe carbóin, fuinneamh geoiteirmeach agus hidrea-fhuinneamh, agus gach teicneolaíocht fuinnimh ghlan-nialasach eile atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo) chun an córas fuinnimh a dhícharbónú faoi 2040. Tar éis an sprioc le haghaidh 2040 a leagan síos, agus i gcomhréir leis na hathbhreithnithe atá beartaithe, ullmhóidh an Coimisiún ollstruchtúr beartais aeráide agus fuinnimh iar-2030 agus cothroime, neodracht theicneolaíoch agus cost-éifeachtúlacht á gcur san áireamh, lena neartófar iomaíochas an Aontais, lena n-áiritheofar aistriú cóir agus lena bhfeabhsófar inbhuanaitheacht chomhshaoil.

Agus an t-ollstruchtúr sin a bheidh ann amach anseo á ndearadh ag an gCoimisiún, scrúdóidh sé conas a d'fhéadfadh simpliú agus solúbthachtaí ar fud na n-earnálacha baint amach sprioc 2040 a éascú, agus cóineasú á chothú agus sainiúlachtaí na mBallstát á gcur san áireamh an tráth céanna. Ba cheart forbairtí teicneolaíochta nua, lena n-áirítear teicneolaíocht spáis, a chur san áireamh freisin. Leis an ollstruchtúr a bheidh ann amach anseo, ba cheart na riachtanais agus na deiseanna infheistíochta is gá a léiriú freisin, chun aghaidh a thabhairt ar thionchair shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil an aistrithe. Beidh beartais chun sprioc aeráide 2040 a chur chun feidhme á dtreorú ag an dlúthpháirtíocht agus ag an gcothroime chun aistriú cóir a áirithiú do na Ballstáit uile agus dá saoránaigh.

Agus an t-ollstruchtúr beartais tar éis 2030 á cheapadh ag an gCoimisiún, tá sé beartaithe aige ról a chur san áireamh maidir le húsáid theoranta creidmheasanna idirnáisiúnta ardcháilíochta faoi Airteagal 6 de Chomhaontú Pháras sa dara cuid de dheich mbliana 2030-2040. Ba ghá a ról sonrach agus a n-imscaradh a bheith bunaithe ar mheasúnú tionchair críochnúil agus faoi réir fhorbairt dhlí an Aontais lena leagfaí síos critéir agus caighdeáin láidre ar ardchaighdeán ionracais, agus coinníollacha maidir le tionscnamh, uainiú agus úsáid na gcreidmheasanna sin. Ba cheart don Choimisiún anailís a dhéanamh sna measúnuithe tionchair ar chreat iar-2030 ar an úsáid theoranta a d'fhéadfaí a bhaint as creidmheasanna idirnáisiúnta, ionas go bhféadfaí 3 % de ghlanastaíochtaí an Aontais 1990 a áireamh i dtreo sprioc 2040. Dá n-áireofaí céatadán difriúil creidmheasanna sa phacáiste iar-2030, arna ghlacadh ag na comhreachtóirí, d'fhéadfadh an Coimisiún a mholadh an Dlí Aeráide a leasú i gcomhthéacs an athbhreithnithe a leagtar amach in Airteagal 11. Níor cheart ról a bheith ag na creidmheasanna idirnáisiúnta sin maidir le comhlíonadh i margadh carbóin an Aontais. Ba cheart na creidmheasanna idirnáisiúnta sin a chur san áireamh ar bhonn conair líneach agus ba cheart dóibh teacht ó ghníomhaíochtaí inchreidte claochlaitheacha, agus tacú le tríú tíortha a bhfuil conairí laghdaithe glanastaíochtaí acu atá comhoiriúnach le cuspóir Chomhaontú Pháras, is é sin an

[5] SWD(2024) 63 final.

méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2 °C agus iarrachtaí a dhéanamh an méadú teochta a theorannú go 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus tacú le slabhraí soláthair glan-nialasacha a chruthú an tráth céanna. I gcomhréir le hAirteagal 6 de Chomhaontú Pháras, ba cheart don Aontas teacht ar chomhaontú leis na tríú tíortha lena mbaineann maidir leis na tairbhí maolaithe a chomhroinnt.

Ba cheart dreasachtaí a bheith san ollstruchtúr a bheidh ann amach anseo freisin, e.g. tráth an athbhreithnithe ar an Treoir maidir le Córas Trádála Astaíochtaí in 2026, chun cás gnó a thógáil le haghaidh buanaistrithe carbóin intíre (mar shampla Gabháil Astaíochtaí Bithghineacha in éineacht le Stóráil Carbóin (BithGSC) agus Gabháil Dhíreach ón Aer le Stóráil Carbóin (DACCS)) chun astaíochtaí iarmharacha ó earnálacha a bhfuil sé deacair srian a chur leo a chúiteamh.

Mar chéad chéim eile, oibreoidh an Coimisiún le hUachtaránacht na Comhairle chun bailchríoch a chur ar an teachtaireacht maidir le rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta, lena n-áireofar freisin figiúr táscach le haghaidh 2035, chuig UNFCCC roimh COP 30.

Rinne an Coimisiún measúnú freisin ar chomhsheasmhacht an tionscnaimh le cuspóirí an Dlí Aeráide Eorpaigh, mar a cheanglaítear le hAirteagal 6(4) den Dlí Aeráide Eorpach, sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an Teachtaireacht maidir le sprioc aeráide 2040.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an tionscnamh nasctha le go leor réimsí beartais eile, ós rud é gur cheart do gach gníomhaíocht agus beartas de chuid an Aontais aistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta agus todhchaí inbhuanaithe a chothú. Leis an gCompás Iomaíochais agus leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, tá an bealach leagtha amach ag an gCoimisiún chun dinimiceas eacnamaíoch a athbheochan san Aontas le straitéis fáis agus rathúnais lena dtugtar an aeráid agus an t-iomaíochas le chéile Sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan do thionscail iomaíocha agus do phoist ardcháilíochta, leagtar amach an plean oibre chun tacú le cuideachtaí agus na dálaí cearta a chruthú dóibh chun spriocanna comhchoiteanna dícharbónaithe a bhaint amach agus chun tairbhe a bhaint as an margadh domhanda le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta atá ag leathnú go tapa, margadh a mheastar go méadóidh sé faoi thrí go luach bliantúil thart ar EUR 600 billiún ar fud an domhain faoi 2030[6]. Chun iomaíochas fadtéarmach thionscal an Aontais a bhaint amach agus é ag aistriú chuig an aeráidneodracht, tá roinnt beart i gceist leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, lena n-áirítear Creat nua Státchabhrach an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan, Banc um Dhícharbónú Tionsclaíoch a bhunú arb é is aidhm dó suas le EUR 100 billiún de chistiú a shlógadh le haghaidh tionscadail nuálacha dícharbónaithe, creat athbhreithnithe um sholáthar poiblí chun tacú le margaí tosaigh le haghaidh teicneolaíochtaí glana agus táirgí glana a fhorbairt. Beartaítear leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan freisin tionscnaimh chun rochtain ar ábhair chriticiúla a fheabhsú, chun modhanna táirgthe ciorclacha a chur chun cinn agus chun cothroime iomaíochta a áirithiú do thionscal an Aontais. Tá ról lárnach ag an nuálaíocht sna hiarrachtaí sin go léir, rud lena spreagtar forbairt agus cur in úsáid teicneolaíochtaí ceannródaíocha, lena gcuirtear dlús leis an gclaochlú tionsclaíoch, agus lena gcuirtear ar a gcumas do chuideachtaí an Aontais a bheith ar thús cadhnaíochta sa gheilleagar glan-nialasach domhanda. Tá sé d'aidhm ag an Aontas táirgeadh inbhuanaithe athléimneach a mhéadú san Eoraip agus ba cheart dó na dálaí cearta a chruthú chun infheistíocht phríobháideach agus phoiblí a phlódú isteach ar fud an tslabhra luacha.

[6] COM(2024) 163 final.

Cuideoidh na hiarrachtaí sin le hathnuachan thionsclaíoch an Aontais agus, an tráth céanna, a lorg comhshaoil a laghdú agus athléimneacht a shlabhraí soláthair a neartú.

Foilsíodh an Creat nua Státchabhrach i ndáil leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan an 25 Meitheamh agus simplítear a thuilleadh leis an próiseas do na Ballstáit chun cabhair a dheonú do thionscail dianfhuinnimh agus d'earnálacha na teicneolaíochta glaine, gan saobhadh iomaíochta míchuí a chruthú. Thairis sin, tá an Coimisiún ar an mbóthar ceart chun treoirthionscadal a sheoladh don Bhanc um Dhícharbónú Tionsclaíoch atá ar na bacáin in 2025. Ceant a bheidh sa treoirthionscadal sin ag a mbeidh buiséad EUR 1 bhilliún a bheidh dírithe ar theas le haghaidh próiseas tionsclaíoch a dhícharbónú agus rachaidh sé chun tairbhe cuideachtaí ar fud earnálacha tionsclaíocha éagsúla.

Is príomhchoinníoll d'iomaíochas ár dtionscail é fuinneamh inacmhainne a áirithiú. Mar a cuireadh i dtábhacht i dTuarascáil Draghi agus sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, tá spleáchas na hEorpa ar bhreoslaí iontaise allmhairithe ar cheann de na príomhchúiseanna le praghsanna arda luaineacha fuinnimh. Tá dul chun cinn déanta maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne[7], ar plean é lena mbeartaítear gníomhaíocht chomhbheartaithe láithreach chun costais fuinnimh a laghdú, go háirithe le bunú an Tascfhórsa um an Aontas Fuinnimh. Tá eangacha agus idirnaisc ríthábhachtach do dhea-fheidhmiú mhargadh leictreachais an Aontais agus do dhlús a chur le feidhmiú céimneach an fhuinnimh ghlain. D'fhorbair an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI), i gcomhar leis an gCoimisiún, táirgí nua chun frithráthaíochtaí a thairiscint chun dlús a chur le monaraíocht comhpháirteanna eangaí agus chun borradh a chur faoi Chomhaontuithe Ceannaigh Cumhachta. In 2025, cuirfidh an Coimisiún togra reachtach ar aghaidh freisin le haghaidh Gníomh um Dhlús a Chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch, arb é is aidhm dó táirgeadh iomaíoch, inbhuanaithe agus athléimneach a chothú i dtionscail dianfhuinnimh san Aontas.

Chun sprioc aeráide 2040 a bhaint amach, beidh gá le roinnt cumasóirí, amhail iomaíochas thionscal na hEorpa a áirithiú, lena n-áirítear sin a áirithiú trí shimpliú; béim níos mó a leagan ar aistriú cóir nach bhfágfaidh aon duine ar lár; agus cothroime iomaíochta le comhpháirtithe idirnáisiúnta, mar a léirítear sa Teachtaireacht maidir le sprioc aeráide 2040. Ar bhonn rannpháirtíocht ghníomhach le ceannairí gnó, le comhpháirtithe sóisialta agus leis an tsochaí shibhialta, ó thús 2025 sheol an Coimisiún roinnt idirphlé straitéiseach earnála le hearnáil an tionsclaíochta. Mar cheann de thorthaí an Idirphlé Straitéisigh maidir le Todhchaí Thionscal Gluaisteán na hEorpa, tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir le leasú spriocdhírithe ar an rialachán maidir le caighdeáin $CO_2$ le haghaidh gluaisteáin nua paisinéirí agus veaineanna nua, leasú arb é is aidhm dó solúbthacht a thabhairt do mhonaróirí gluaisteán a sprioc astaíochtaí le haghaidh 2025 a bhaint amach agus a n-acmhainneacht infheistíochta a chaomhnú ar an gconair i dtreo soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha. Cuirfidh an Coimisiún togra ar aghaidh freisin maidir le cabhlaigh chorparáideacha ghlana ag deireadh 2025[8]. Chun tacú le dícharbónú an iompair agus forbairt thionsclaíoch san Eoraip á cothú an tráth céanna, cuirfidh an Coimisiún Plean Infheistíochta Iompair Inbhuanaithe ar aghaidh níos déanaí i mbliana, arb é is aidhm dó go háirithe an riosca a bhaineann le hinfheistíocht a laghdú chun breoslaí malartacha inbhuanaithe a tháirgeadh agus a ghlacadh in earnálacha a bhfuil sé deacair srian a chur leo, lena n-áirítear earnáil na heitlíochta agus earnáil an iompair d'uisce. Chun iomaíochas thionscal cruach agus miotal an Aontais a chaomhnú, ghlac an Coimisiún an Plean Gníomhaíochta Eorpach maidir le Cruach agus Miotail ina bhfuil bearta a bhfuil sé

7 COM(2025) 79 final.
8 COM(2025) 96 final.

d'aidhm acu rochtain ar fhuinneamh glan inacmhainne a áirithiú, sceitheadh carbóin a chosc, acmhainneachtaí tionsclaíocha na hEorpa a chosaint agus ciorclaíocht le haghaidh miotal a chur chun cinn.

Ní mór deiseanna cistiúcháin iomchuí a bheith ag gabháil leis an aistriú glan, lena gcomhcheanglófar sásraí tacaíochta atá ann cheana le foinsí cistiúcháin nua agus nuálacha. Leis an gCreat nua Státchabhrach i ndáil leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, laghdófar rioscaí infheistíochta do thionscadail dícharbónaithe agus déanfar maoiniú príobháideach a mhealladh isteach. Tá an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, a bhfuil EUR 648 mbilliún san iomlán aici, fós ina huirlis thábhachtach chun an t-aistriú a mhaoiniú agus 42 % ar an meán dá buiséad iomlán tiomnaithe do bhearta glasa ar fud na mBallstát uile. Ó bhí 2013 ann, ghin Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais níos mó ná EUR 230 billiún d'ioncam le hathinfheistiú i mbearta aeráide agus fuinnimh, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar ghnéithe sóisialta i dteaghlaigh ar ioncam íseal agus ar mheánioncam. Ó 2026 ar aghaidh, cuirfidh an Ciste Aeráide Sóisialta nuabhunaithe EUR 86,7 billiún ar fáil chun tacú le daoine leochaileacha agus le micrifhiontair sna haistrithe fuinnimh agus iompair. Leis an togra atá ar na bacáin maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, soláthrófar tuilleadh soiléireachta maidir leis an maoiniú poiblí a bheidh ar fáil don aistriú, chomh maith leis na sineirgí is gá le hinfheistíochtaí príobháideacha agus le huirlisí airgeadais nuálacha.

Cruthaítear cothroime iomaíochta do ghnólachtaí san Eoraip agus ar fud an domhain nuair a ghlacann tíortha eile praghsáil carbóin dá gcuid féin, rud a chuirfeadh le méadú ar uaillmhian aeráide ar fud an domhain freisin. Leanann Tascfhórsa an Choimisiúin um Thaidhleoireacht Idirnáisiúnta Praghsála Carbóin agus Margaí de bheith i dteagmháil le tíortha comhpháirtíochta agus de thacaíocht a thabhairt dóibh chun margaí carbóin a chur ar bun agus cur chuige domhanda a fhorbairt maidir le praghsáil carbóin. Tar éis na hidirthréimhse atá ann faoi láthair, beidh feidhm ag an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) ina chóras cinntitheach ó 2026 ar aghaidh. Trína dheimhniú gur íocadh praghas as na hastaíochtaí carbóin leabaithe a ghintear i dtáirgeadh earraí áirithe a allmhairítear isteach san Aontas, áiritheoidh SCCT go mbeidh praghas carbóin na n-allmhairí coibhéiseach le praghas carbóin na táirgeachta intíre, agus nach ndéanfar dochar do chuspóirí aeráide an Aontais. Thairis sin, sa Teachtaireacht dar teideal '*Delivering on the Clean Industrial Deal*' [An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan a bhaint amach] an 2 Iúil, fógraíodh bearta breise lena laghdófar an riosca sceite carbóin d'onnmhaireoirí Eorpacha earraí SCCT.

Treisítear cuspóirí an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan a thuilleadh chun athléimneacht agus iomaíochas an Aontais a neartú le ceithre phacáiste *Omnibus* Simpliúcháin arb é is aidhm dóibh an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí, go háirithe FBManna, a laghdú. Go sonrach, cuimsítear sa chomhaontú idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle maidir le togra simpliúcháin SCCT tairseach nua *de minimis* lena ndíolmhófar 90 % d'allmhaireoirí ó rialacha SCCT, agus uaillmhian chomhshaoil á coinneáil ar bun an tráth céanna, agus 99 % d'astaíochtaí iomlána CO2 cumhdaithe fós ag SCCT.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Is é Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí leis an togra. I gcomhréir le hAirteagal 191 agus Airteagal 192(1) de CFAE, rannchuideoidh an tAontas Eorpach, *inter alia*, leis na cuspóirí seo a leanas a shaothrú: cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú, bearta a chur chun cinn ar an leibhéal

idirnáisiúnta chun déileáil le fadhbanna comhshaoil, bídís sin réigiúnach nó domhanda, agus, go háirithe, an t-athrú aeráide a chomhrac.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Fadhb thrasteorann é an t- athrú aeráide. I gcás fadhbanna trasteorann, ní dócha go mbeidh na torthaí is fearr is féidir mar thoradh ar ghníomhaíocht aonair na mBallstát. Ina ionad sin, is féidir le gníomhaíocht chomhordaithe an Aontais cur leis an ngníomhaíocht náisiúnta agus áitiúil agus í a threisiú ar bhealach éifeachtach. Déanann comhordú ar an leibhéal Eorpach éifeachtacht an ghníomhaithe ar son na haeráide a fheabhsú.

Beidh impleachtaí ag sprioc aeráide uile-Aontais le haghaidh 2040 ar fud gheilleagar iomlán an Aontais. Tá gá leis chun raon leathan beartas de chuid an Aontais a threorú agus beidh gá le freagairtí beartais ar leibhéal an Aontais, sa bhreis ar an mbeartas aeráide. Trí ghníomhaíocht chomhordaithe, beifear in ann cumais éagsúla na mBallstát agus na réigiún gníomhú a chur san áireamh agus leas a bhaint as cumhacht mhargadh aonair an Aontais mar spreagadh d’athrú costéifeachtach. Thairis sin, tá tábhacht le gníomhaíocht chomhordaithe ar son na haeráide ar leibhéal an Aontais ó thaobh gníomhaíocht idirnáisiúnta ar son na haeráide, go háirithe d’fhonn Rannchuidiú an Aontais arna Chinneadh go Náisiúnta faoi Chomhaontú Pháras a chinneadh, rannchuidiú atá le cur in iúl i bhfómhar 2025.

- **Comhréireacht**

Is é is aidhm don togra treoir a chur ar fáil tríd an gconair i dtreo na haeráidneodrachta a shainiú a thuilleadh. Ní fhorordaítear leis beartais, teicneolaíochtaí ná bearta sonracha, rud a chiallaíonn go mbíonn solúbthacht ag na Ballstáit, agus an creat rialála chun spriocanna laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach á chur san áireamh. Fuarthas amach sa tuarascáil ar an measúnú tionchair a ghabhann leis an Teachtaireacht maidir le sprioc aeráide 2040[9] gurb é laghdú 90-95 % (rogha 3) an laghdú is comhréirí chun geilleagar an Aontais a thabhairt i dtreo na haeráidneodrachta faoi 2050 agus chun go rannchuideodh an tAontas leis an ngníomhú domhanda ar son na haeráide i gcomhréir le spriocanna teochta Chomhaontú Pháras an méadú teochta a theorannú go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh teorainn 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an méadú teochta.

- **An rogha ionstraime**

Is é is aidhm don tionscnamh seo sprioc aeráide idirmheánach uile-Aontais a leagan síos le haghaidh 2040 d’fhonn an cuspóir aeráidneodrachta a bhaint amach faoi 2050, mar a cheanglaítear le hAirteagal 4(3) den Dlí Aeráide Eorpach. Dá bhrí sin, is le Rialachán is fearr cuspóir an togra a shaothrú, de réir fhoirm na hionstraime reachtaí atá ann cheana.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tá an tionscnamh bunaithe ar an díospóireacht leathan a bhí ann tar éis na Teachtaireachta maidir le sprioc aeráide 2040. Rinneadh plé ar an Teachtaireacht i bParlaimint na hEorpa agus sa Chomhairle araon. Mar ullmhúchán don Teachtaireacht maidir le sprioc aeráide 2040 agus don mheasúnú tionchair a ghabhann léi, rinne an Coimisiún comhairliúchán poiblí, a bhí ar

9 SWD(2024) 63 final.

siúl ón 31 Márta 2023 go dtí an 23 Meitheamh 2023. Tá an tionscnamh bunaithe freisin ar chomhairle ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide. I mí an Mheithimh 2023, d'fhoilsigh an Bord Comhairleach comhairle inar moladh sprioc 2040 don Aontas chun glanastaíochtaí GCT a laghdú sa raon 90-95 % i gcomparáid le glanastaíochtaí GCT 1990[10]. Ghlac an Bord Comhairleach tuarascáil freisin ina ndearna sé measúnú ar dhul chun cinn agus ar chomhsheasmhacht beartas[11]. I mí an Mheithimh 2025, ghlac an Bord Comhairleach tuarascáil ina ndearnadh athbhreithniú ar a mholadh in 2023 i bhfianaise an chomhthéacs atá ag teacht chun cinn, agus d'athdhearbhaigh sé an moladh a rinne sé roimhe sin[12].

- **Measúnú tionchair**

I gcomhthéacs an Teachtaireacht maidir le sprioc aeráide 2040, rinne an Coimisiún measúnú tionchair mionsonraithe, ina ndearnadh anailís mhionsonraithe ar leibhéil éagsúla glanastaíochtaí gás ceaptha teasa in 2040 agus ar na conairí earnála gaolmhara lena ndéantar nasc idir 2030 agus aeráidneodracht faoi 2050. D'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil freisin maidir le buiséad táscach réamh-mheasta an Aontais maidir le gáis ceaptha teasa don tréimhse 2030-2050, mar a cheanglaítear faoin Dlí Aeráide Eorpach.

Cumhdaítear leis an anailís sa mheasúnú tionchair gach earnáil ina bhfuil gá le gníomhaíocht chun go ndéanfaidh an tAontas a chuspóir aeráidneodrachta do 2050 a bhaint amach. Tá sé bunaithe ar reachtaíocht an Chomhaontaithe Ghlais agus ar ghníomhaíochtaí REPowerEU chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim fuinnimh.

Breathnaíodh go mion sa mheasúnú tionchair ar impleachtaí trí sprioc-rogha do 2040.

Is é luas an aistrithe an phríomhdhifríocht idir na roghanna. Fuarthas amach sa mheasúnú tionchair gurb í rogha 3 an rogha is éifeachtaí chun aeráidneodracht a bhaint amach san Aontas faoi 2050, agus laghdú níos mó ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa roimh 2040. Mar thoradh air sin, tabharfaidh sé le tuiscint go mbeidh níos lú iarrachta breise ann tar éis 2040 chun glanastaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2050. Mar thoradh ar Rogha 3 tá na hastaíochtaí carnacha gás ceaptha teasa is ísle (an 'buiséad gás ceaptha teasa') ann don Aontas freisin, rud a fhágann gurb é an rogha is fearr é ó thaobh rannchuidiú an Aontais leis an athrú aeráide a theorannú agus an brú is inchreidte a chur ar chomhpháirtithe an Aontais ar fud an domhain chun dlús a chur le gníomhú ar son na haeráide. Tá an sprioc 90 % atá molta ag an gCoimisiún ag ceann íochtair de rogha 3 agus ag ceann uachtair de rogha 2.

---

[10] An Bord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide, *Scientific advice for the determination of an EU-wide 2040 climate target and a greenhouse gas budget for 2030-2050* [Comhairle eolaíoch chun sprioc aeráide uile-Aontais le haghaidh 2040 agus buiséad gás ceaptha teasa le haghaidh 2030- 2050 a chinneadh], DOI: 10.2800/609405.

[11] An Bord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide, *Towards EU climate neutrality: progress, policy gaps and opportunities, Assessment Report 2024,* [I dtreo aeráidneodracht san Aontas Eorpach: Dul chun cinn, bearnaí beartais agus deiseanna, Tuarascáil Mheasúnachta 2024], DOI:10.2800/216446.

[12] An Bord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide, *Scientific advice for amending the European Climate Law — Setting climate targets to strengthen EU strategic priorities* [Comhairle eolaíoch chun an Dlí Aeráide Eorpach a leasú – Spriocanna aeráide a leagan síos chun tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais a neartú], DOI: 10.2800/1978453.

D'eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach ach bhí roinnt agús léi an 22 Nollaig 2023[13], ina raibh moltaí maidir le feabhsúchán. Leasaíodh an measúnú tionchair dá réir sin.

Sa bhreis air sin, i mí na Bealtaine 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil maidir le hoibriú an Dlí Aeráide Eorpaigh[14]. Sonraítear ann na gníomhaíochtaí a rinneadh ó tháinig an Dlí Aeráide Eorpach i bhfeidhm chun dlús a chur leis an aistriú chuig an aeráidneodracht.

- **Cearta bunúsacha**

Urramaítear leis an togra na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Go sonrach, rannchuidíonn sé leis an gcuspóir go dtabharfaí ardleibhéal cosanta don chomhshaol i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe, mar a leagtar síos in Airteagal 37 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[15].

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Beidh na tionchair indíreacha ar bhuiséid na mBallstát ag brath ar a rogha beartas agus beart náisiúnta maidir le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus gníomhaíocht mhaolaithe eile, agus eascróidh siad den chuid is mó as na tograí comhlántacha a d'fhéadfadh a bheith ann chun athbhreithniú a dhéanamh ar ionstraimí gaolmhara nó chun ionstraimí nua a mholadh chun na laghduithe breise ar astaíochtaí gás ceaptha teasa is gá a bhaint amach.

Ní bheidh gá le méadú ar acmhainneacht sheirbhísí an Choimisiúin chun an togra seo a chur chun feidhme, mar a leagtar amach sa ráiteas reachtach airgeadais agus digiteach atá i gceangal leis seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tuairisciú trédhearcach agus rialta ó na Ballstáit mar aon le measúnuithe stóinsithe ón gCoimisiún agus sásraí chun a áirithiú go ndéanfar measúnú ar an dul chun cinn, tá siad ríthábhachtach chun a áirithiú go leanfaidh an tAontas de bheith ar an mbóthar ceart chun cuspóir aeráidneodrachta an Aontais do 2050 a bhaint amach. Ní athraíonn an tionscnamh na socruithe chun rianú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo cuspóirí an Dlí Aeráide Eorpaigh a bhaint amach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá na leasuithe uile atá beartaithe ar an Dlí Aeráide Eorpach in Airteagal 1, is é sin:

Airteagal 1 maidir le hábhar agus raon feidhme: tagairt do sprioc aeráide 2040 a chur san áireamh i ndáil le raon feidhme an Dlí Aeráide Eorpaigh.

Airteagal 4 maidir le spriocanna aeráide idirmheánacha an Aontais: an sprioc uile-Aontais le haghaidh 2040 a leagan síos, bunaithe ar an measúnú tionchair mionsonraithe a ghabhann leis

[13] SEC(2024) 64 final.
[14] COM(2024) 196 final.
[15] IO C 326, 26.10.2012, lch. 391.

an Teachtaireacht maidir le sprioc aeráide 2040, agus comhairle eolaíoch ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide á cur san áireamh. Léirítear i measúnú uile-Aontais an Choimisiúin ar na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe críochnaitheacha[16] (PNFAnna) go bhfuil an tAontas ar an mbóthar ceart faoi láthair chun glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú thart ar 54 % faoi 2030, i gcomparáid le leibhéil 1990, má dhéanann na Ballstáit bearta náisiúnta agus beartais an Aontais atá ann cheana agus atá beartaithe a chur chun feidhme go hiomlán. Dá bhrí sin, tá an tAontas ar an mbóthar ceart chun sprioc 2030 an Aontais a bhaint amach, is é sin glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad i gcomparáid le 1990. Chuir an Coimisiún san áireamh freisin conclúidí na measúnuithe ar dhul chun cinn a rinneadh i dTuarascáil 2023 ar Dhul Chun Cinn maidir le Gníomhú ar son na hAeráide, torthaí an athbhreithnithe dhomhanda, agus rinne sé na heilimintí a leagtar amach in Airteagal 4(5) agus an tuarascáil ar bhuiséad táscach réamh-mheasta an Aontais maidir le gás ceaptha teasa don tréimhse 2030-2050 a bhreithniú. Comhfhreagraíonn na glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a chumhdaítear leis an sprioc do na hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa uile-Aontais a rialaítear le dlí an Aontais[17]. Cuirtear an fhoráil leasaithe in ionad Airteagal 4(3)-(5) ina leagtar amach an próiseas as a dtiocfaidh an leasú seo. I gcomhréir le sprioc aeráide 2030 an Aontais de laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa agus leis an gcreat beartais gaolmhar, le haeráidneodracht faoi 2050 agus leis an sprioc atá beartaithe do 2040 laghdú 90 % a bhaint amach, meastar gurb é 16 GtCO2-eq an ‘buiséad GCT’ táscach an Aontais thar an tréimhse 2030-2050 a bheidh ann mar thoradh air sin, mar a mhínítear in Iarscríbhinn 14 a ghabhann leis an measúnú tionchair a ghabhann leis an Teachtaireacht maidir le sprioc aeráide 2040. Tagann an buiséad GCT sin laistigh den raon a ndearna an Bord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide anailís air ó chásanna féideartha atá comhoiriúnach le téamh domhanda 1,5 °C.

---

16 COM(2025) 274 final.

17 Mar a mhínítear san fhaisnéis theicniúil a ghabhann leis an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle Tuarascáil 2024 ar Dhul Chun Cinn an Aontais Eorpaigh maidir le Gníomhú ar son na hAeráide, SWD(2024) 249 final, COM(2024) 498 final.

2025/0524 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1119 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach.**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Fuarthas amach sa toradh a bhí ar an gcéad athbhreithniú domhanda[3] faoi Chomhaontú Pháras[4], a tugadh i gcrích ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide ag deireadh 2023, go bhfuil beartais aeráide atá ag éirí níos éifeachtaí á gcur i bhfeidhm ag na páirtithe, ach go bhfuil gá le gníomhaíocht bhreise phráinneach chun an domhan a chur ar an mbóthar ceart chun spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach.

(2) Trí Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] a ghlacadh, chumhdaigh an tAontas sa reachtaíocht cuspóir ceangailteach maidir le haeráidneodracht ar fud an gheilleagair faoi 2050, agus ar an gcaoi sin astaíochtaí a laghdú go nialas faoin dáta sin, agus an aidhm astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin, bhunaigh sé sprioc aeráide idirmheánach cheangailteach de chuid an Aontais le haghaidh 2030 agus rinne sé foráil maidir le sprioc aeráide idirmheánach uile-Aontais a shocrú le haghaidh 2040.

(3) Agus an chomhairle eolaíoch ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide á cur san áireamh agus bunaithe ar Mheasúnú Tionchair mionsonraithe, thíolaic an Coimisiún sprioc mholta maidir le glanlaghdú 90 % ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le leibhéil 1990 do 2040 sa

1 IO C , , lch. .
2 IO C , , lch. .
3 Cinneadh 1/CMA.5.
4 IO L 282, 19.10.2016, lch. 4.
5 Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') ( IO L 243, 9.7.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1119/oj).

Teachtaireacht uaidh an 6 Feabhra 2024 maidir lenár dtodhchaí a dhaingniú: Sprioc aeráide 2040 na hEorpa agus an chonair chun na haeráidneodrachta faoi 2050 lena dtógfar sochaí inbhuanaithe, chóir agus rathúil[6].

(4) Chun sprioc aeráide 2040 an Aontais a mholadh, mheas an Coimisiún an fhianaise eolaíoch is fearr agus is déanaí a bhí ar fáil, lena n-áirítear na tuarascálacha is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) agus ón mBord Comhairleach; na tionchair shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil, lena n-áirítear costais neamhghníomhaíochta; an gá atá ann aistriú atá cóir agus cothrom ó thaobh na sochaí de a áirithiú do chách; éifeachtacht costais agus éifeachtúlacht eacnamaíoch; iomaíochas gheilleagar an Aontais, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide agus earnálacha is mó atá neamhchosanta ar sceitheadh carbóin; na teicneolaíochtaí is fearr atá costéifeachtach, sábháilte agus inscálaithe dá bhfuil ar fail; éifeachtúlacht fuinnimh agus "céadphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh", acmhainneacht fuinnimh, agus slándáil an tsoláthair; cothroime agus dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit agus laistigh díobh; an gá atá ann éifeachtacht agus dul chun cinn comhshaoil a áirithiú le himeacht ama; an gá atá ann linnte nádúrtha a chothabháil, a bhainistiú agus a fheabhsú san fhadtéarma agus bithéagsúlacht a chosaint agus a athbhunú, lena n-áirítear sa mhuirthimpeallacht. riachtanais agus deiseanna infheistíochta; forbairtí idirnáisiúnta agus iarrachtaí a rinneadh chun cuspóirí fadtéarmacha Chomhaontú Pháras agus cuspóir deiridh Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide a bhaint amach (UNFCCC); faisnéis atá ann cheana maidir le buiséad táscach réamh-mheasta an Aontais maidir le gáis cheaptha teasa le haghaidh na tréimhse 2030-2050.

(5) Chun sprioc aeráide 2040 a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach, *inter alia*, creat comhaontaithe 2030 a chur chun feidhme go hiomlán, tacaíocht a áirithiú agus a sholáthar d'iomaíochas agus d'athléimneacht thionscal na hEorpa, conairí aistrithe a áirithiú bunaithe ar na teicneolaíochtaí costéifeachtacha, sábháilte agus inscálaithe is fearr atá ar fáil, béim níos mó a leagan ar aistriú cóir nach bhfágfaidh aon duine ar lár, iomaíocht chóir le comhpháirtithe idirnáisiúnta a áirithiú, an córas fuinnimh a dhícharbónú le gach réiteach fuinnimh saor ó charbón agus ísealcharbóin (lena n-áirítear foinsí in-athnuaite fuinnimh, fuinneamh núicléach, éifeachtúlacht fuinnimh, stóráil, GSC, GÚC, aistrithe carbóin, fuinneamh geoiteirmeach agus hidreafhuinneamh, agus gach teicneolaíocht fuinnimh glan-nialasach eile atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo), agus idirphlé straitéiseach a eagrú maidir leis an gcreat iar-2030 le gach earnáil ábhartha. Leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, tá na dálaí á gcur i bhfeidhm ag an Aontas le haghaidh aistriú rathúil, ag díriú ar dhícharbónú agus ar athnuachan thionsclaíoch araon, lena n-áirítear sásraí tacaíochta do thionscal na hEorpa, rochtain níos fearr ar mhaoiniú poiblí agus príobháideach, cothroime iomaíochta domhanda, agus coinníollacha soiléire cumasúcháin maidir le glacadh agus scálú teicneolaíochtaí glana, chun iomaíochas tionsclaíoch agus nuálaíocht san Aontas a neartú.

(6) I bhfianaise an chuspóra aeráidneodrachta do 2050, ba cheart astaíochtaí gás ceaptha teasa a bheith laghdaithe agus aistrithe gás ceaptha teasa a bheith feabhsaithe faoi 2040, chun a áirithiú go ndéanfar na glanastaíochtaí gás ceaptha teasa, is é sin an líon astaíochtaí tar éis aistrithe a asbhaint, a laghdú 90 % ar a laghad faoi 2040, ar fud an gheilleagair, i gcomparáid le leibhéil 1990.

6 COM(2024) 63 final.

(7) Ba cheart tosaíocht a thabhairt do laghduithe intíre ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus na laghduithe sin á gcomhlánú le haistrithe mhéadaithe, lena n-áirítear aistrithe trí réitigh nádúrtha agus theicneolaíocha araon. Agus an pacáiste beartais iar-2030 á fhorbairt, ba cheart aird chuí a thabhairt ar rannchuidiú na n-oll-laghduithe astaíochtaí i gcomparáid le haistrithe nádúrtha agus teicneolaíocha. Beidh ról méadaitheach ag aistrithe dúlrabhunaithe agus ag aistrithe tionsclaíocha i ngeilleagar an Aontais sna blianta amach romhainn, i bhfianaise an ghá atá le cothromaíocht a bhaint amach idir astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa faoi 2050 ar a dhéanaí agus astaíochtaí diúltacha ina dhiaidh sin. Forbrófar dreasachtaí nuair a dhéanfar an t-athbhreithniú ar Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] in 2026, ina bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún foráil a dhéanamh maidir le buanaistrithe carbóin intíre i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais ('CTA AE') chun astaíochtaí iarmharacha ó earnálacha a bhfuil sé deacair srian a chur leo a chúiteamh.

(8) Tá creat rialála i bhfeidhm ag an Aontas chun sprioc aeráide 2030 a bhaint amach. Is é atá sa reachtaíocht lena gcuirtear an sprioc sin chun feidhme, *inter alia*, Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear CTA AE, Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], lenar tugadh isteach spriocanna náisiúnta chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 2030, agus Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], lena leagtar síos spriocanna maidir le glansaistrithe carbóin d'earnáil na húsáide talún. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar ghá reachtaíocht ábhartha an Aontais a leasú chun sprioc aeráide 2040 a bhaint amach. Agus an t-ollstruchtúr a bheidh ann amach anseo á cheapadh aige, ba cheart don Choimisiún measúnuithe tionchair mionsonraithe a ullmhú, lena n-áirítear na tionchair ar iomaíochas agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus breithniú a dhéanamh ar na bearta is gá a dhéanamh, lena n-áirítear tograí reachtacha de réir mar is iomchuí. Ba cheart roinnt gnéithe chun baint amach sprioc 2040 a éascú a chur san áireamh go hiomchuí, lena n-áirítear rannchuidiú teoranta féideartha i dtreo sprioc 2040 maidir le creidmheasanna idirnáisiúnta ardcháilíochta faoi Airteagal 6 de Chomhaontú Pháras sa dara cuid de 10 mbliana 2030-2040, i gcomhréir le rialacha cuntasaíochta Chomhaontú Pháras; ról na n-aistrithe buana intíre (gabháil astaíochtaí bithghineacha in éineacht le stóráil carbóin (BithGSC) agus dírghabháil agus stóráil carbóin) in CTA AE; solúbthacht fheabhsaithe ar fud na n-earnálacha. Chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil, ba cheart don ollstruchtúr a bheidh ann amach anseo a bheith bunaithe ar mheasúnuithe tionchair láidre. Leis an ollstruchtúr a bheidh ann amach anseo, ba cheart cóineasú a chothú freisin agus cothroime agus

[7] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj).

[8] Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/842/oj).

[9] Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/841/oj).

sainiúlachtaí na mBallstát á gcur san áireamh an tráth céanna, lena n-áirítear sainiúlachtaí na n-oileán agus na réigiún is forimeallaí.

